Parlaimint na hEorpa

# An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

Is cleachtadh ón mbun aníos é **an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa** lenar féidir le saoránaigh Eorpacha a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le bearta agus feidhmiú an Aontais sa todhchaí. Trí uirlisí amhail an t-ardán digiteach agus painéil na saoránach, cuirtear ar a gcumas na topaicí is mór acu a phlé. Trí uirlisí amhail an t-ardán digiteach agus painéil na saoránach, cuirtear ar a gcumas na topaicí is mór acu a phlé.

## Ardán Digiteach Ilteangach

Moil ilteangacha do saoránach chun smaointe a roinnt agus díospóireacht a dhéanamh

### Cad é?

- Is mol príomha é inar féidir le saoránaigh smaointe a roinnt agus rannchuidithe a sheoladh.
- Stór rannchuidithe agus doiciméad ó shaoránaigh
- Ionchur ó imeachta a reáchtáiltear faoi scáth na Comhdhála
- Foilsiú chonclúidí na Comhdhála

### Topaicí

- An Imirce
- Daonlathas Eorpach
- Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil
- An t-athrú aeráide agus an comhshaol
- Sláinte
- Topaicí eile arna moladh ag na saoránaigh
- Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist
- An Claochlú Digiteach
- Oideachas, cultúr, an óige agus spórt
- An tAontas sa domhan

### Cairt na Comhdhála

Ní mór do na saoránaigh agus d'eagraithe an imeachta urraim a léiriú do Chairt na Comhdhála:

- Urraim do luachanna AE: dínit an duine, saoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine
- Moladh don éagsúlacht sna díospóireachta agus urraim don tsaoirse cainte
- Diúltú don fhuathchaint nó d'ábhar atá mídhleathach nó bréagach nó míthreorach d'aon turas
- Rannpháirtíocht trasteorann agus úsáid teangacha difriúla a éascú
- Lán-trédhearcacht a ráthú, le hionchur ó shaoránaigh anailísithe agus foilsithe ar an ardán digiteach
- Imeachtaí a shruthú nó a chraoladh ar an ngréasán nuair is féidir
- Urraim do rialacha cosanta sonraí agus amharc-aithne na comhdhála

**Modhnóireacht an ardáin faoi mhaoirseacht an Bhoird Feidhmiúcháin**

## Seisiún iomlánach na Comhdhála

**449** ionadaí — *de réir Ballstáit*

### Ionadaithe

| | | |
|---|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | 108 | |
| Parlaimintí náisiúnta | 108 | *(4)* |
| Painéil Saoránach Eorpach | 80 | |
| An Chomhairle | 54 | *(2)* |
| Imeachtaí agus/nó painéil náisiúnta | 27 | *(1)* |
| Coiste na Réigiún | 18 | |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa | 18 | |
| Comhpháirtithe Sóisialta | 12 | |
| Eagraíochtaí na sochaí sibhialta | 8 | |
| Ionadaithe tofa áitiúla | 6 | |
| Ionadaithe tofa réigiúnacha | 6 | |
| An Coimisiún Eorpach | 3 | |
| Uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg | 1 | |

### Díospóireachtaí agus cainteanna

Na moltaí ó Phainéil na Saoránach
An t-ionchur ón ardán ilteangach

### Saothair ullmhaithe

Ag 9 meitheal théamacha

### Á gcur ar aghaidh

Tograí chuig an mBord Feidhmiúcháin (ar bhonn comhthola)

### Comhthoil

Le bheith idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, agus na parlaimintí náisiúnta ar a laghad

## An Uachtaránacht Chomhpháirteach

| | |
|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | Roberta Metsola |
| Comhairle an Aontais Eorpaigh | Emmanuel Macron* |
| An Coimisiún Eorpach | Ursula von der Leyen |

## Painéil Saoránach Eorpach

Fóraim ina bpléann na saoránaigh téamaí sonracha agus ina gcuireann siad faoi bhráid an tseisiúin iomlánaigh sraith moltaí go ndéanfaidh institiúidí AE obair leantach orthu

**Ceithre** phainéal saoránach curtha ar bun, agus na naoi dtéama thuasluaite á gcuimsiú acu

### 200 saoránach ar gach painéal, roghnaithe go randamach

Bean amháin agus fear amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit, agus comhréireacht chéimlaghdaitheach i bhfeidhm mar atá sa Pharlaimint | ba cheart 1/3 díobh bheith idir 16 agus 25 mbliana d'aois

### Ionadaíocht leathan saoránach

Tionscnamh geografach | Inscne | Aois | Cúlra socheacnamaíoch | Tréimhse oideachais

### Glacann rannpháirtithe ó gach painéal rannpháirt sa seisiún iomlánach

1/3 díobh ar a laghad idir 16 agus 25 mbliana d'aois | Chun a moltaí a chur i láthair

## An Bord Feidhmiúcháin

**Naonúr ionadaithe**

- Triúr as Parlaimint na hEorpa
- Triúr as Comhairle an Aontais Eorpaigh
- Triúr as an gCoimisiún Eorpach

**Comhchathaoirligh**

Guy Verhofstadt (An Pharlaimint)
Clément Beaune (An Chomhairle)
Dubravka Šuica (An Coimisiún)

**Breathnóirí** ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ó na parlaimintí naisiúnta, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta. ó Choiste na Réigiún, ó institiúidí AE agus comhpháirtithe sóisialta Eorpacha eile

Obair na Comhdhála **a chinneadh**
Cruinnithe an tseisiúin iomlánaigh **a ullmhú**
Conclúidí an tseisiúin iomlánaigh **a thuairisciú** chuig an uachtaránacht chomhpháirteach

**Comhthoil**
an naonúir ionadaithe

## An Chomhrúnaíocht

Líon céanna duine ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach

Feidhmiú na Comhdhála a áirithiú agus cuidiú leis an mBord Feidhmiúcháin agus sna Cruinnithe Iomlánacha**Feidhmiú**

*Athraíonn ionadaithe na Comhairle leis an uachtaránacht rothlach.

Nuashonrú breise é seo ar ghrafaic faisnéise a foilsíodh ar dtús i Meitheamh 2021.

**EPRS | Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa**
Údair: Silvia Kotanidis agus Giulio Sabbati
PE 690.610 – Eanáir 2022

## Tuilleadh faisnéise

### Ardán Digiteach Ilteangach

Is mol é ardán ilteangach na Comhdhála a thugann deis do shaoránaigh agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Eoraip smaointe a roinnt maidir le todhchaí na hEorpa, agus imeachtaí a óstáil agus freastal ar ócáidí. Feidhmíonn sé ina stór rannchuidithe agus doiciméad, agus ina uirlís idirghníomhach chun smaointe na saoránach a roinnt agus díospóireacht a dhéanamh orthu. Tá an t-ardán oscailte do shaoránaigh, sochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, geallsealbhóirí eile, údaráis phoiblí ag leibhéal AE, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

### Painéil Saoránach Eorpach

Is codanna ríthábhachtacha iad den Chomhdháil, a bhfuil sé de chúram orthu díospóireacht a dhéanamh ar na saincheisteanna atá tábhachtach do shaoránaigh. Tá comhdhéanamh na bpainéal saoránach Eorpach (± 200 saoránach roghnaithe go randamach) trasnáisiúnta agus ionadaíoch ar dhaonra AE, ní hamháin ó thaobh inscne de ach ó thaobh aoise, cúlra socheacnamaíoch, tionscnamh geografach agus leibhéal oideachais de, le 1/3 de rannpháirtithe idir 16 agus 25 mbliana d'aois. Reáchtálann na painéil saoránach Eorpach díospóireachtaí, lena n-áirítear ar bhonn na rannchuidithe ón ardán digiteach, a dhéanfar a chur le seisiún iomlánach na Comhdhála le moltaí d'institiúidí AE chun obair leantach a dhéanamh. Cuireadh 4 phainéal saoránach théamacha ar bun: i) Daonlathas na hEorpa / luachanna Eorpacha agus cearta Eorpacha, an smacht reachta, an tslándáil ii) An t-athrú aeráide, comhshaol / sláinte iii) Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist / oideachas, cultúr, an óige, spórt / an t-aistriú digiteach; agus iv) An tAontas sa domhan / imirce.

Tagann na painéil saoránach Eorpach le chéile i seisiúin bhreithniúcháin in áiteanna éagsúla agus bíonn siad dírithe ar théamaí sonracha. Féadfaidh na Ballstáit (ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúil) agus geallsealbhóirí eile (an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta nó saoránaigh) painéil saoránaigh sa bhreis a eagrú faoi scáth na Comhdhála, ar choinníoll go n-urramaíonn siad Cairt na Comhdhála go hiomlán.

### An Uachtaránacht Chomhpháirteach

Tá an Chomhdháil faoi údarás trípháirteach Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Choimisiúin. Is iad sin faoi seach, Roberta Metsola, (a tháinig i gcomharbas ar David Sassoli, nach maireann), Emmanuel Macron mar ionadaí ar Uachtaránacht na Fraince ar an gComhairle go dtí 30 Meitheamh 2022, agus Ursula von der Leyen. Bunaithe ar chóras uainíochta arna bhunú le Cinneadh ón gComhairle, is ag an tSlóivéin a bhí Uachtaránacht na Comhairle díreach roimhe sin (30 Meitheamh - 31 Nollaig 2021) agus is ag an bPortaingéil a bhí Uachtaránacht na Comhairle roimhe sin (1 Eanáir - 30 Meitheamh). Déanfar toradh deiridh na Comhdhála a chur faoi bhráid Uachtaránacht thrípháirteach na Comhdhála ionas go mbeidh gach institiúid in ann an obair iardain chuí a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí féin.

### Seisiún iomlánach na Comhdhála

Tá na cruinnithe iomlánacha comhdhéanta de 449 ionadaí, ó na trí institiúid (an Coimisiún, Comhairle AE agus an Pharlaimint), ó na parlaimintí náisiúnta, ó na painéil saoránach, ó Choiste Eorpach na Réigiún, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó imeachtaí nó painéil náisiúnta, ó chomhpháirtithe sóisialta agus ón tsochaí shibhialta. Tugtar cuireadh d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála nuair a bhíonn ról idirnáisiúnta an Aontais á phlé. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt freisin do gheallsealbhóirí agus saineolaithe eile.

Pléitear sa seisiún iomlánach saincheisteanna agus moltaí a thagann ó na painéil náisiúnta agus painéil saoránach Eorpach mar aon le hionchur ón ardán digiteach, aicmithe de réir téama. Reáchtáiltear díospóireachtaí go hoscailte, gan toradh réamhshocraithe agus gan topaicí a theorannú do réimsí beartais réamhshainithe. Cinntear sa Chruinniú Iomlánach, ar bhonn comhthola (idir an Pharlaimint, an Chomhairle, an Coimisiún agus na parlaimintí náisiúnta ar a laghad) na tograí a chuirfear ar aghaidh chuig an mBord Feidhmiúcháin. Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as tuarascáil dheiridh na Comhdhála a dhréachtú, i gcomhar agus trédhearcacht iomlán le comhaltaí Chruinniú Iomlánach na Comhdhála. Foilseofar í ar an ardán digiteach agus seolfar í chuig an Uachtaránacht Chomhpháirteach don obair leantach nithiúil.

### An Bord Feidhmiúcháin

Déanann an Bord Feidhmiúcháin bainistiú ar obair na comhdhála (cruinnithe iomlánacha, na painéil saoránach Eorpacha agus an t-ardán digiteach). Déanann sé formhaoirsiú ar na gníomhaíochtaí uile agus ullmhaíonn sé na cruinnithe iomlánacha, lena n-áirítear ionchur ó na saoránaigh agus obair iardain ina leith sin. Tá ionadaíocht chomhionann ag na trí institiúid (an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle) ar an mBord Feidhmiúcháin, le triúr comhaltaí ann ó gach aon institiúid agus suas le ceathrar breathnadóirí acu. Déantar comhchathaoirleacht ar an mBord Feidhmiúcháin le hionadaí ó gach ceann de na trí institiúid; i gcás na Comhairle, braitheann a hionadaí siúd ar an tír a mbíonn an Uachtaránacht aici. Tá buanstádas breathnadóra ag triúracht uachtaránachta COSAC (an Chomhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais de chuid na bparlaimintí náisiúnta). Tá stádas breathnadóra freisin ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ag Coiste Eorpach na Réigiún. Ar thogra ó na comhchathaoirligh, d'aontaigh an Cruinniú Iomlánach le naoi meitheal téamacha a chruthú, i.e. ceann ar leith do gach ceann de na naoi dtopaic. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cuireadh a thabhairt do shaineolaithe páirt a ghlacadh in imeachtaí na Comhdhála.

### Rúnaíocht PE

Cuidíonn comhrúnaíocht atá comhdhéanta de líon cothrom foirne ó Pharlaimint na hEorpa, ó Ardrúnaíocht na Comhairle agus ón gCoimisiún, leis an mBord Feidhmiúcháin maidir leis an seisiún iomlánach agus na painéil saoránach Eorpach a eagrú.

Foinsí: Dearbhú comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála, tuarascálacha an Bhoird Feidhmiúcháin.

Ullmhaíodh an doiciméad seo d'Fheisirí agus foireann Pharlaimint na hEorpa mar ábhar cúlra a chuideodh leo ina n-obair pharlaiminteach, agus is chucu atá an doiciméad seo dírithe. Luíonn an fhreagracht iomlán faoi inneachar an doiciméid seo leis an údar nó na húdair, agus níor cheart breathnú ar aon tuairim a thugtar anseo mar sheasamh oifigiúil de chuid na Parlaiminte. Údaraítear an doiciméad seo a atáirgeadh agus a aistriú chun críoch neamhthráchtála, ar choinníoll go ndéantar an fhoinse a admháil agus go dtugtar fógra roimh ré do Pharlaimint na hEorpa chomh maith le cóip a sheoladh chuici. © An tAontas Eorpach, 2022.

eprs@ep.europa.eu (teagmháil) http://www.eprs.ep.parl.union.eu (inlíon) http://www.europarl.europa.eu/thinktank (idirlíon) http://epthinktank.eu (blag)